Tuilte sa Tuaisceart

Leibhéal B1

A: MACHNAMH

Réamhchleachtadh 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoin damáiste a rinne Stoirm Babet sa Tuaisceart. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile:

1. Conas atá an aimsir inniu?
2. An cuimhin leat stoirmeacha an tséasúir ar fad go dtí seo?
3. An ndearna na stoirmeacha sin aon damáiste i do cheantar féin?
4. Cén tslí ar féidir leis an rialtas cabhrú le daoine nuair a dhéanann stoirmeacha dochar dá dtithe?

tuilte – *floods*
gála gaoithe – *gale force wind*
báisteach throm – *heavy rain*
gearrthacha cumhachta – *power cuts*
foláireamh (buí, oráiste, dearg) – *warning*
crainn leagtha – *fallen trees*
damáiste don díon, don teach, don ghairdín – *damage to …*
maoiniú - *funding*

Réamhchleachtadh 2

Déanfar tagairt do pholaitíocht an Tuaiscirt chomh maith sa mhír. An féidir leat féin agus leis an duine in aice leat na ceisteanna seo a fhreagairt?

Cad is ainm don fhoirgneamh seo?

DUP

An Páirtí Aontachtach Daonlathach an t-ainm Gaeilge atá ar an DUP. Cad é an t-ainm Béarla?

B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

teacht i gcabhair ar	*hardware*
díobháil	*First Communion*
Státrúnaí	*cause, because*
crua-earraí	*civil servants*
an Chéad Chomaoineach	*to assist*
scrios	*Secretary of State*
amscála	*to rescue*
siocair	*timescale*
státseirbhísigh	*destruction*
tarrtháil a thabhairt ar	*damage*

2. Bain úsáid as na focail Ghaeilge thuas chun na bearnaí a líonadh sna habairtí:
   - Rinne Stoirm Babet go leor damáiste agus _____ sa Tuaisceart.
   - Is é Chris Heaton-Harris _____ an Tuaiscirt.
   - Déantar _____ i rang a dó ar an mbunscoil de ghnáth.
   - Is é an cúram atá ar an RNLI (Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála) ná _____ dhaoine ar farraige.
   - Ní fios cá huair a bheidh an t-airgead ar fáil agus níor leagadh síos aon _____.
   - Is féidir casúir agus tairní a cheannach i siopa _____.
   - Oibríonn _____ don stát.
   - Drochstoirmeacha is _____ leis na tuilte agus leis an _____.
   - Tá Rialtas na Breataine ag cur airgead ar fáil chun _____ mhuintir an Tuaiscirt.

3. Féach ar www.teanglann.ie chun brí na bhfocal **gnó** agus **gnólacht** a aimsiú.

4. Má chiallaíonn an briathar **dáil** – *distribute*, cad is brí le **athdháil**?

5. ‘Bhí siad ag cur i leith na gcomharsan go raibh siad ag déanamh go leor torainn’. Cad is brí leis an bhfrása a bhfuil líne faoi, dar leat?

C: TUISCINT

Féach ar an mír den chéad uair. Bí ag obair leis an duine in aice leat ansin agus féachaigí ar na ráitis seo thíos. An bhfuil siad fíor nó bréagach?

1. Tá Rialtas na hÉireann chun 15 mhilliún punt a chur ar fáil don Tuaisceart.

   Fíor Bréagach

2. Is é Státrúnaí an Tuaiscirt, Chris Heaton-Harris, a d'fhógair an maoiniú.

   Fíor Bréagach

3. Léirítear sa mhír bean ag iompar cultacha bainise amach as a siopa.

   Fíor Bréagach

4. Tuairiscítear tuilte i gContae an Dúin sa mhír.

   Fíor Bréagach

5. Déanfar athdháileadh ar airgead atá ann cheana féin sa Tuaisceart chun teacht i gcabhair ar na daoine agus ar na gnóthaí a bhí buailte ag na tuilte.

   Fíor Bréagach

6. Cuirfear an t-airgead ar fáil an tseachtain seo chugainn.

   Fíor Bréagach

7. Níl mórán cumhachta ag na státseirbhísigh mar nach bhfuil Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann ag feidhmiú.

   Fíor Bréagach

8. Ba mhaith leis an DUP a bheith sa rialtas arís le níos mó tarrthála a thabhairt ar mhuintir an Tuaiscirt.

   Fíor Bréagach

Féachaigí ar an mír arís.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (dobhriathartha ama)

a) Ar chuala tú an tslí a ndúirt Áine Ní Ghallchóir ‘seo caite’ sa mhír?

b) Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar na dobhriathra ama eile seo anois. An dtuigeann sibh gach ceann?

inniu	inné	amárach	seo caite	seo chugainn
arú inné	arú amárach	Dé Luain	choíche	riamh

c) Bain úsáid as na dobhriathra thuas agus as an mbriathar **Bí** sna haimsirí thíos chun ceisteanna a chur ar an duine in aice leat faoina s(h)aol. Féach:

An aimsir chaite (*past*)	An raibh…?	Bhí	Ní raibh
An aimsir láithreach (*present*)	An bhfuil…?	Tá	Níl
An aimsir fháistineach (*future*)	An mbeidh…?	Beidh	Ní bheidh

2: Saibhreas Teanga (Logainmneacha)

a) Féach ar na logainmneacha a bhí sa mhír. Cad is brí leo?

Contae an Dúin _____ Dún Pádraig _____

Iúr Cinn Trá (Iúr) _____ Port an Dúnáin _____

(Féach ar www.teanglann.ie agus www.logainm.ie)

b) Cad is brí le hainmneacha na gcathracha móra sa tír?

Baile Átha Cliath, Gaillimh, Corcaigh, Béal Feirste, Luimneach.

c) Cá bhfuil tú féin i do chónaí? Cad is brí leis an logainm sin?

E: CUMARSÁID

1: Caint

Déanfaidh an teagascóir cur síos ar radharc anois agus caithfidh tusa an radharc sin a tharraingt. Ná bí buartha mura mbeidh do phictiúr chomh maith céanna le pictiúr a tharraingeodh Picasso. Beidh an radharc simplí go leor le tarraingt. Pléigh na ceisteanna thíos leis an duine in aice leat nuair a bheidh bhur bpictiúir tarraingthe agaibh. Bíodh na focail ón réamhchleachtadh os bhur gcomhair amach.

a) An raibh bhur bpictiúir mar an gcéanna? Cad iad na difríochtaí a bhí eatarthu?
b) Samhlaigh go bhfuil tú ag obair le Met Éireann lá an radhairc. Cén 'foláireamh' a d'eiseofá?
c) Samhlaigh gur tusa duine de na daoine ar an díon i do phictiúr. Conas a mhothaíonn tú?

2: Scríobh

Is tú duine de na daoine sa phictiúr a tharraing tú faoi Caint thuas. Scríobh idir 5 agus 10 líne faoin eachtra.

AN SCRIPT

Eimear Ní Chonaola
Tá Rialtas na Breataine le cúig mhilliún déag punt a chur ar fáil le tíocht[1] i gcabhair ar dhaoine sa Tuaisceart a ndearna tuilte díobháil dá gcuid tithe agus gnólachtaí an tseachtain seo caite. Is é Státrúnaí an Tuaiscirt, Chris Heaton-Harris, a d'fhógair an maoiniú ach níor leagadh amach dátaí fós leis an airgead a chur ar fáil.

Áine Ní Ghallchóir
Siopa crua-earraí Teggart i nDún Pádraig i gContae an Dúin inniu – an méid atá fágtha dá ghnó teaghlaigh – agus níl siad leo féin. Cultacha na Chéad Chomaoineach á n-iompar amach, ceann i ndiaidh an chinn eile. Úinéir eile ar an bhaile céanna níos luaithe an tseachtain seo ag iarraidh cibé is féidir léi a shábháil óna gnó.

Tá scrios millteanach déanta ag tuilte na seachtaine seo a chuaigh thart i ndiaidh Stoirm Babet in go leor ceantracha[2] san oirthuaisceart. Bailte eile a buaileadh go holc ná Iúr Cinn Trá[3] agus Port an Dúnáin.

Bhí Státrúnaí an Tuaiscirt, Chris Heaton-Harris, sa cheantar inniu agus d'fhógair suas le cúig déag milliún punt de mhaoiniú. Airgead, áfach, atá ann cheana féin do Thuaisceart Éireann ach go mbeidh sé athdháilte[4] le dul i ngleic anois le scrios na dtuilte. Agus ní raibh sé ábalta amscála a thabhairt do cá huair a bheas[5] an t-airgead ar fáil.

Eamonn Hanlon, Úinéir gnó, Dún Pádraig
Tá sé uafásach. Tá súil agam go mbeidh an t-airgead ag teacht. Agus tá muintir na háite croíbhriste.

Áine Ní Ghallchóir
Ciallaíonn sé siocair nach bhfuil ann d'Fheidhmeannacht Stormont gur beag cumhachtaí atá ag státseirbhísigh sa Tuaisceart.

Ainneoin go dtáinig na Páirtithe uilig le chéile, an DUP san áireamh, ag cuartú[6] níos mó airgid ó Státrúnaí an Tuaiscirt, tá go leor ag cur i leith an DUP go dtiocfadh níos mó tarrthála a thabhairt ar dhaoine dá mbeadh siad ar ais i rialtas.

Áine Ní Ghallchóir, Nuacht TG4, Dún Pádraig.

[1] tíocht = leagan canúnach de 'teacht'
[2] ceantracha = leagan canúnach de 'ceantair'
[3] An tlúr an t-ainm oifigiúil
[4] 'athdháilithe' a dúradh
[5] 'a bheas' = a bheidh
[6] ag cuartú = leagan canúnach de 'ag cuardach'

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Réamhchleachtadh 1:

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair deis dóibh na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.

Réamhchleachtadh 2:

Is é aidhm an réamhchleachtaidh seo ná ábhar/topaic na míre a chur i láthair na bhfoghlaimeoirí sula bhféachfaidh siad uirthi chun tacú leis an gcluastuiscint ar ball. Is é Teach Parlaiminte Thuaisceart Éireann é agus ceanncheathrú Thionól Thuaisceart Éireann (An Fheidhmeannacht an chraobh reachtaíochta den Tionól). Tugtar Stormont ar an bhfoirgneamh mar go bhfuil sé suite ar Eastát Stormont. DUP = *Democratic Unionist Party*.

B: FOCLÓIR

1. Féach:

teacht i gcabhair ar	*to assist*
díobháil	*damage*
Státrúnaí	*Secretary of State*
crua-earraí	*hardware*
an Chéad Chomaoineach	*First Communion*
scrios	*destruction*
amscála	*timescale*
siocair	*cause, because*
státseirbhísigh	*civil servants*
tarrtháil a thabhairt ar	*to rescue*

2. Féach:
   - Rinne Stoirm Babet go leor damáiste agus **díobháil** sa Tuaisceart.
   - Is é Chris Heaton-Harris **Státrúnaí** an Tuaiscirt.
   - Déantar **an Chéad Chomaoineach** i rang a dó ar an mbunscoil, de ghnáth.
   - Is é an cúram atá ar an RNLI (Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála) ná **tarrtháil a thabhairt ar** dhaoine ar farraige.
   - Ní fios cá huair a bheidh an t-airgead ar fáil agus níor leagadh síos aon **amscála**.
   - Is féidir casúir agus tairní a cheannach i siopa **crua-earraí**.
   - Oibríonn **státseirbhísigh** don stát.
   - Drochstoirmeacha is **siocair** leis na tuilte agus leis an **scrios**.
   - Tá Rialtas na Breataine ag cur airgead ar fáil chun **teacht i gcabhair ar** mhuintir an Tuaiscirt.

3. Féach: **gnó** = *business* agus **gnólacht** = *commercial firm*.
4. Athdháil = *redistribute*.
5. Ag cur i leith duine = *accusing someone*.

C: TUISCINT

1. Bréagach. Rialtas na Breataine.
2. Fíor.
3. Bréagach. Tá sí ag iompar cultacha na Chéad Chomaoineach.
4. Bréagach. Luadh Port an Dúnáin sa mhír freisin atá i gContae Ard Mhacha.
5. Fíor.
6. Bréagach. Níl aon amscála leagtha síos.

7. Fíor.
8. Bréagach. Tá na páirtithe eile ag iarraidh ar an DUP a bheith ar ais i rialtas.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (dobhriathra ama)

a) Dúirt sí, 'an tseachtain seo a chuaigh thart'.

b) Féach:

inniu – *today*; inné – *yesterday*; amárach – *tomorrow*; arú inné – *the day before yesterday*; arú amárach – *the day after tomorrow*; Dé Luain – *Monday*; seo caite – *last*; seo chugainn – *next*; choíche – *never (in the future)*; riamh – *never (in present or past)*.

c) Cleachtadh cainte é seo.

2: Saibhreas Teanga (logainmneacha)

a) Féach:

Contae an Dúin *(the county of the fort)*
Dún Pádraig (*Patrick's fort)*
Iúr Cinn Trá (Iúr) *(the yew at the head of the strand)(the yew)*
Port an Dúnáin *(port of the blockhouse or small port)*

b) Féach:
Baile Átha Cliath*:* baile = *townland;* áth = *ford;* cliath = *hurdle, wattle*
Gaillimh*: stoney river*
Corcaigh*: marsh*
Béal Feirste*:* béal – *mouth;* feirste (fearsaid) – *sandbar*
Luimneach*:* Féach an méid a deirtear ar logainm.ie*:*

> Meaning unclear. There are various places of the name throughout the country (anglicised as *Limnagh, Luimnagh, Lumnagh* and *Limerick*). P.W. Joyce suggested that "**Luimneach** ... signifies a bare or barren spot of land" (*The Origin and History of Irish Names of Places* II), and some later authorities have since followed this explanation; see, however, *A Dictionary of the Irish Language* (www.dil.ie) s.n. **luimnech**: 'cloaked, mantled', 'shielded' (**lumman**). The *dinnseanchas* (*The Metrical Dindsenchas* III 274) attempted to explain the name in several ways, associating it in particular with the words **luimnigthe** ('cloaked') and **luimnechda** ('shielded'). The name is said elsewhere (m.sh. *Onomasticon Goedelicum* 508 agus Mac Spealáin, *Aos Trí Muighe* 20) to have originally referred to the Shannon estuary.

c) Cleachtadh cainte é seo.

E: CUMARSÁID

1: Caint

Caithfidh tusa an script thíos a léamh amach agus caithfidh na foghlaimeoirí pictiúir a tharraingt, bunaithe ar an méid a deir tú. Ansin caithfidh siad na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna. Pléigh thusa na ceisteanna leis an rang ar fad ansin.

'Tá trí theach ar an taobh deas den phictiúr. Té ceithre fhuinneog agus doras amháin ag gach teach. Ar dhíon teach amháin tá fear, bean agus madra. Tá dhá chrann ar an taobh clé den phictiúr. Tá cúpla scamall liath agus dorcha sa spéir. Tá sé ag stealladh báistí. Tá héileacaptar sa spéir freisin. Tá gach rud faoi uisce. Téann an t-uisce suas go dtí na fuinneoga ar an dara hurlár. I lár an phictiúir, chun tosaigh, tá beirt i mbád tarrthála ag teacht i gcabhair ar na daoine ar an díon.'

2: Scríobh

Iarr orthu idir 5 agus 10 líne a scríobh faoin méid atá ag tarlú sa phictiúr atá díreach tarraingthe acu.

Curtha ar fáil ag Ollscoil Mhá Nuad, Ollscoil na hÉireann Má Nuad; Lárionad na Gaeilge, Taighde, Teagasc & Tástáil
le tacaíocht ó An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta; An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media; TG4